

SGÉUL PHÁIDÍN UÍ CHONACHABHAIR.

Fear a bhí i gConamara anseo uair. Séurd a bhí ann mac baintrigh. Dubhairt sé go mbeadh sé a dhul soir, go mbeadh sé ag imteacha roimhe. Bhí sé ag imteacht leis ag caitheamh oidhche sa chuile teach go raibh sé shoir ag Ros Camáin.

Tháinig sé isteach i dteach a raibh aos óg cruinnighthe isteach ann, mná agus fir agus chuile shórt. Bhí chuile shórt cleas ann acab bhí duine acab a cur síos ar ar chaoi ar dhíol sé fhéin droch uibheacha i siopa agus gur bhuail sé an bob sin orthab. Thosuigheadh na mná ansoin a cur síos ag a gcaoi ar dhíol siad fhéin droch ím le stórta. Thosuigheadh fear eile ag innseacht an chaoi ar dhíol sé fhéin droch bheithidhigh le fear agus ar bhain sé airgead mór dhe orthab. Fear an diadhanta a bhí an PáidínÓ Conchubhair agus níor thaithnigh na sgéulta seo leis. Ach dfiarruigh siad dhe cá raibh sé a dul. Dubhairt sé gur a cuartughadh maighistir maith a bhí sé. “Ó” adeir siad “buail soir go Ros Camáin go dteaghfadh tú go áit a bhfuil Cnocán Bhreaca air agus tá fear ansoin a bhfuil cuisleán mór aige agus gheobhfaidh tú áit mhaith uaidh.” Sé nós a raibh siad ag magadh faoi.

D’imtigh leis lá’n mhaireach nuair a d’eirigh sé. Is garr a bhí siubhalta aige nuair a chonaic sé teach deas agus bean agus a hucht leighthe amach ar a leath dhoras aici. “Muise is fada mé súil leat” adeir sí. “Dá mbeadh fhios a’m go raibh mé ag teastáil uait” adeir sé is fadó a bheinn anseo.” Tá mé súil leat” adeir sí. “Ach an teach sin a raibh tú ann níor cheart dhóibh a bheith a magadh fút. Tá tú teastáil uaim sa go ceann bliana a cionn gabhair.”

Bhí sé an aonfeacht leis an mbean ansoin go ceann bliana agus bfacas dhó nach bhfaca é aon áit fudi’n domhan ba bhreaghtha ná é go ceann bliana. Nuair a bhí an bhliain thuas aige.” “Tá taimsir istigh anois a’d” adeir sí “agus ba cheart dhuit a dhul a breathnughadh ar do ar a tsean bhean. Seo sgáiríd duit” adeir sí “agus nuair osclóchas tú amach ar a mbord í níl aon chineál bidh dá dteasóchaidh uait nach dtiochfhaidh iontabh. Deanfhaidh siad maith dhuit fhéin agus dho do mhathair agus ní bheidh aon bhlas eile a teastáil uaib.”

D’imtigh leis agus thug sé leis an sgáiríd. Tháinig sé sa teach seo san oidhche agus thosuigh siad a cur síos ar a ndroch gniomhartha. Ní raibh aon bhlas le nithe ann. D’imtigh cuid acab ansoin agus leag sé anuas an sgáiríd agus ní raibh aon bhlas le nithe ná le n-ól dhár iarr sé nach raibh leagtha anuas. Leag sé suas na sgáiríd ansoin ‘san áit a raibh sí. Ar maidin ansoin bhí neart le nithe fágtha. D’imtigh leis ansoin agus thug sé leis an sgáiríd go dtáinig sé abhaile. Nuair a leag sé annuas an sgáiríd ní raibh sí indon tada a dheanamh. Sé chaoi raibh an sgáiríd artuighthe agus sgáiríd eile curtha i na háit. Ní raibh aon bhlas aige ach mar bhí sé cheanna.

"Imthigheochaidh liom aríst" adeir sé. D'ímtigh leis go dtáinig sé sa teach a raibh sé ann cheanna. Bhí an tír ar fad cruinnighthe isteach ann agus iad a cur síos ar chuile dhroch bheart dhá raibh siad a dheanamh. Níor thaithinigh sin le Páidín. Cuireadh a chodhladh é. Ní raibh sé ag innseacht dhóib cá raibh sé. Nuair a d'éirigh sé lá'r na bháireach chuaigh sé chomh fada leis a mbean. "Tá tú ann" adeir sí. "Táim" adeir sé "Ar ndóigh beidh an obair ort a bhí cheana ort" adeir sí. Nuair a bhí an bhliain shuas "seo bró dhuit" adeir sí "agus nuair chuirfheas tú a milt í níl aon bhlas dhá niarrfhaidh tú uirthi a mhilt nach bhfuil sí i ndon a mhilt ach ná cuir a milt í ach nuair a theastóchas sé uait" adeir sí.

"Tá sí i ndon teach a mhilt dhuit" adeir sí agus i ndon beithidhigh a mhilt má theidheann tú sa gceann sin leithi ach na cur a milt í ach mar theastóchaidheas sé uair. D'ímtigh leis agus an bhró aige go dtáinig sé sa teach seo. Ach dhá cliste dhá raibh an bhean bhí bean a tigh seo chomh cliste léithi. "Muisse" adeir sí teastaóchaidh sláimín min choirce uaim níl aon bhlas le nithe istigh". "Sgarr a bheas tú mar sin." adeir Páidín. Leag sé anuas an bhró. "Míl min choirce" adeir sé. Is gearr go raibh neart mine acab. Nuair a d'éirigh sé ar maidin bhí an bhró ceangailte suas dhó. D'ímtigh leis go dtáinig sé abhaile. Nuair a tháinig sé abhaile ní raibh aon mhaith sa mbró. Séurd a bhí aige bró bhréigh. Nuair nach raibh tada aige "beidh mé ag imteacht aríst" adeir sé.

D'ímtigh leis go dtáinig sé sa teach seo. Ní raibh iontas a bith ach a' méid daoine daoine istigh ann. Bhí an-fháilte roimhe ach bhí siad a cur síos ar a miailiúntas a bhí siad a dheanamh bhuaile leis go ndeachaigh sé chomh fada leis a' mbean aríst "tá tú ar faghail aríst" adeir sí. "Táim" adeir sé. "Imtigh leat i mbun dho ghno" adeir sí. "Bhí sé ann go ceann lá is bliain aríst. Nuair a bhí sé ag imteacht ansoin "seo anois" adeir sí rópa agus maide dhuit agus níl aon dhuine a bhead a dheanamh aon bhlas ort a ndearfhaidh tú leis an rópa "ceangail a rópa" nach gceanglóchadh an rópa agus níl aon uair a déarfhas tú leis a maide "buail a mhaide" nach mbuailfhidh sé aon duine a bheas a deanamh aon bhlas ort."

D'ímtigh leis go dtáinig go dtáinig sé go dtí an teach seo. Nuair a bhí sé a dhul a chodhladh "seachain anois" adeir sé "a ndéarfhadh sibh leis a rópa "buail a rópa ná leis a maide buail a mhaide." 'Sgarr a bhí sé ina chodladh nuair a chualadh an caoine d'éirigh sé agus níl aon duine dhá raibh 'sa teach nach raibh ceangailte ag a rópa agus a maide a teacht ó'n mbuimbéal dhá mbualadh. Ach sé chaoi raibh sé níor fhág an maide aon duine 'sa teach nar mharbuigh sé ach an bhean. "Abair leis a' maide gan mé mharbhughadh" adeir sí "agus tiúbhfhaidh mé do bhró agus do sgáiríd dhuit." "Deanfhaidh sin" adeir sé

D'ímtigh leis agus a bhró agus a sgáiríd agus a rópa agus a mhaide aige go dtáinig sé abhaile. Ní raibh a fhios aige ansoin céurd a bhí sé a dheanamh leis fhéin. "Ba cheart dhom cuairt a thabhairt ar a tsean bhean aríst" adeir sé. Nuair a tháinig sé go dtí an áit a raibh an teach seo aríst ní raibh a fhios aige céurd a bhí ann. Ní raibh teach na duine ann. Chuaidh sé go dtí an áit a raibh an bhean agus shíl sé nach raibh aon bhlas air ach a thigheacht ann. Ní raibh aon bhlas ariamh ann ach fraoch agus aiteann. Chuaidh sé ag siubhalóid agus casadh fear air. "cé sort duine thusa" adeir a' fear leis. "Duine mé a bhíodh a teacht 'sna bealaigh seo" adeir sé 's ní aithnighim anois chor a' bith é." "ar tusa abhian ainfeacht leis a mbean" "is

mé” adeir Páidín. “Ar tusa a chuir iallach ar a rópa agus ar a maide an méid daoine a bhí ‘sa teach a mharbhuigheadh.” “Is am a bhí siad” adeir sé ach ní mé a mharbhuigheadh iad.” “Is beag a ghnó atá go rud a bith a’d” adeir sé “ach tabhair domsa iad agus cuirfidh mé beirt fhear dhá niarraidh.” Nuair a tháinig na rudaí “tabhair dhomsa iad sin anois.” Adeir sé “agus deanfaidh mé teach dhuit.” Míl teach dhó” adeir sé “agus mil beithidhigh agus caoire agus gabhair dho agus mil chuile shórt a theastuigheas uaidh” adeir sé agus mhill.

Gaibh isteach sa teach sin anois” adeir sé “agus ní iarrfhaidh aon duine ort a dhul amach as agus sé chaoi mbeidh mná a teacht thar a chéile ag iarraidh ort iad a phosadh agus beidh an-cháil ort ach nach pós aon bhean” adeir sé ach an bhean a déarfhas mise leat. Ní bheidh fhios ag duine a’bith nach raibh tú ariamh anseo ach beidh siad a deanamh iongantas chomh saidhbhir is tá tu.” Dubhairt Páidín go ndeanfadh sé a chomhairle “ná bí thú fhéin a cainnt chor a bith” adeir sé “ná leig do rún le aon duine rud a bith a deanadh leat na innis níos mo é.

Bhí bean bhreagh ann ansoin agus bhí an-ghrá aige di agus aice dhó freisin. Ingean fear saidhbhir eile mar é fhéin. Bhí sé ag giorrán go bpósfadh sé í. Thug sé geallúint pósta dhi. Nuair a bhí an ghealltanais tugtha aige dhi níor airigh sé riamh gur fháisc an rópa é fhéin timceall air agus gur thosuigh an maide gá bhualadh. Ach ní raibh ann ariamh ach nar mharbhuigh an maide é. Ní raibh aige ansoin ach a dhul siar ar a leabaidh. Tháinig an bhean seo agus dubhairt sí go dtiocfhadh sí ag tabhairt aire dhó. Dubhairt seisean nach ngabhfhadh agus imteacht uaidh. Ní raibh a fhios ag aon dhuine céurd a bhuail é. Bhí a fhios aige fhéin go maith é go ndeachaigh sé in aghaidh comhairle an fhir. “Nuair nach maith leat mise a theacht a tabhairt aire dhuit,” adeir a bhean “tá cailín a’m cailín beag óg agus tá sí go maith agus rud a bith iarrfhas tú uirthi deanfaidh sí dhuit é agus tiubhrfhaidh sí aire mhaith dhuit.” “Deanfaidh sin adeir Páidín ‘sgearr gur eirigh an cailín beag amach agus chonnaic sí an fear seo.

Ní raibh a fhios aici cé’n sort fear é fhéin. D’fhiarruigh sé dhi cé’n chaoi bhí ar a bhfear agus dubhairt sí go raibh sé go dona. “Seo sgáiríd dhuit” adeir sé “agus gaibh isteach agus cuir iallach air ithe di. Agus seo maide buidhe agus rópa duit agus seo bró duit. Uair a bith a d’iarrfas tú ar a mbró airgead a mhilt dhuit milfidh sí duit é. Aige fhéin a bhí siad cheanna ach ní raibh aon bhlais gno aige díobh. Ní bheidh fhios aige aon duine go bhfuil siad a’d sa ach ná bí i ndiadh iad a spáinnt do-san. Nuair a iosfhas sé a dhóthain den sgáiríd ní fhanfhaidh blas air. Agus fiarfuigh dhe ansoin a bpósfadh sé thú.

Nuair a bhí sé go maith ansoin “má immimse uait anois” adeir sí beidh mo cháil faoi’n saoghal mar gheall ar chomh fada is tá mé an aonfeacht leat.” “Cé bhfuair tú an sgáiríd sin” adeir sé. “Nach Cuma dhuit cá bhfuair mé í” adeir sí “rud a bith atá a’m sa níl mé a dul ag innseacht cá bhfuair mé iad. Ach mara bpósdh tusa mé théis a bheith an oiread seo achair an aonfeacht leat beidh tuile ann.” Pósadh” adeir sé. Phós siad agus bhí siad an aonfeacht le chéile go bhfuair siad bás. Níor rinne aon dhuine aon iongthas dhíobh agus ní dhearna an bhean a chuir an cailín beag uatha aon ionghantas dhe’n sgéul.